



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Town and Village Renewal Scheme



Achoimre ar Scéim 2020

Seoltar gach fiosrúchán chuig: townandvillage@drcd.gov.ie

**Scéim Athnuachana
na mBailte agus na Sráidbhailte 2020**

Achoimre ar an Scéim

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

27 Bealtaine 2020

Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2020

1. Réamhrá

Tugadh Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte isteach in 2016 agus tá sí ar cheann de na bearta a ceapadh chun bailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann a athbheochan faoi “*Chlár Infheistíochta um Fhorbairt Tuaithe*” na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Maoinítear an clár faoi Thionscadal Éireann 2040.

Ó seoladh an Scéim in 2016, tá beagnach €68 milliún leithdháilte ar bhreis is 830 tionscadal ar fud na hÉireann.

In 2020, tá an Clár Infheistíochta um Fhorbairt Tuaithe, lena n-áirítear Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, á mhionathrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le COVID-19 atá ag teacht chun cinn. Maidir le Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, ciallaíonn sin:

- Díriú, faoi Scéim chaighdeánach Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, ar idirghabhálacha a fhéadfaidh freagairt do na dúshláin a bhaineann le COVID-19 agus tacú le téarnamh eacnamaíochta agus sóisialta ár mbailte agus ár sráidbhailte tuaithe;
- Tabhairt isteach snáithe nua de Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte do 2020 a dhíríonn ar idirghabhálacha láithreacha a fhéadfar a sholáthar sa ghearrthéarma chun cabhrú le bailte agus sráidbhailte dul in oiriúint do COVID-19.

Cuimsítear Scéim chaighdeánach Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte sa Bhreac-Chuntas seo ar an Scéim – pléitear leis an snáithe nua i gcáipéis eile.

2. Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2020

Oibreoidh Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2020 ar an mbonn céanna leis an soláthar le blianta beaga anuas, cé go mbeidh béim faoi leith ar thionscadail a sholáthróidh díbhinn eacnamaíoch agus go gcuirfear ar chumas bailte agus sráidbhailte freagairt do na dúshláin arna gcruthú ag COVID-19. Leanfar, faoin scéim, de thacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an réimse poiblí agus le taitneamhachtaí lár bhaile a fheabhsú, go háirithe nuair a chabhraíonn sin le téarnamh eacnamaíochta agus/nó sóisialta baile nó sráidbhaile.

Tá an Roinn tiomanta a chinntiú go mbainfidh na bailte agus sráidbhailte is mó a dteastaíonn tacaíocht uathu, agus/nó na bailte agus sráidbhailte nach bhfuair maoiniú faoin scéim roimhe seo, leas as Scéim 2020.

Ní mór go mbeidh na tionscadail uile réidh le tosú chomh luath agus a bhronnfar ceadú agus ní mór gur féidir iad a sholáthar faoi chreat ama réadúil, i.e. laistigh de thréimhse 12 go 18 mí. Nuair is féidir é, moltar aon chead pleanála, suirbhé nó staidéar ábhartha a chur i bhfeidhm sula gcuirtear iarratas isteach, lena chinntiú nach gcuirfear moill ar thionscadal a thosú.

3. Catagóirí Bailte

Beidh scéim 2020 dírithe ar dhá chatagóir Bailte/Sráidbhailte, mar a leanas:

Catagóir 1: Bailte agus sráidbhailte ina bhfuil daonra suas go 5,000 duine.

Catagóir 2: Bailte ina bhfuil daonra 5,001 go 10,000.

Díreofar go príomha faoin scéim ar bhailte agus ar shráidbhailte ina bhfuil daonra suas go 5,000 (Catagóir 1), mar ab amhlaidh faoi scéim 2019. Gheobhaidh na bailte/sráidbhailte sin ar a laghad 60% den mhaoiniú atá ar fáil.

4. An Próiseas Iarratais, Measúnaithe agus Ceadaithe

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a mhaoiníonn Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte agus na hÚdaráis Áitiúla a riarann í.

Roghnófar tionscadail faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte do 2020 thrí bhíthin phróiseas iomaíoch. Agus na tionscadail rathúla á roghnú aici, breithneoidh an Roinn

feidhmíocht an Údaráis Áitiúil roimhe seo ó thaobh a dtionscadail ainmnithe a sholáthar laistigh de na creataí ama comhaontaithe. I gcás mhoilleanna iomarcacha, d'fhéadfaí líon na dtionscadal arna gceadú i gcontae faoi Scéim 2020 a laghdú.

Is ar bhonn na dtograí a chuirfidh na hÚdaráis Áitiúla isteach a roghnóidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail na tionscadail.

Beidh ar Údaráis Áitiúla na nithe seo a leanas a chomhlánú agus a chur isteach:

- **Foirm iarratais ar leithligh le haghaidh gach tionscadail.**
- **Forléargas ar an iarratas.**
- **Forléargas ar an Léiriú Spéise.**

Ní mór iarratais a chur isteach faoin 28 Lúnasa 2020.

Bainfidh na céimeanna seo a leanas leis an bpróiseas iarratais:

- Beidh ar Údaráis Áitiúla léirithe spéise ó bhailte/sráidbhailte ina gceantar a fhógairt agus **suas go 6 thogra** lena bhforbairt a roghnú le bheith ina n-iarratais mhionsonraithe le cur ar aghaidh chuig an Roinn.
- Ní mór na tograí sin a fhorbairt i gcomhairliúchán leis na leasanna pobail/gnó sna bailte/sráidbhailte. Beidh rannpháirtíocht iomlán leasanna pobail agus/nó gnó ina gné riachtanach de na tionscadail rathúla.
- Ní féidir ach aon iarratas amháin a chur isteach i ndáil le baile/sráidbhaile ar leith, lena n-áirítear bailte a bheadh faoi shainchúram níos mó ná Údarás Áitiúil amháin. Mar sin féin, féadfaidh roinnt comhphárteanna nasctha a bheith mar chuid d'iarratas amháin chun tacú le hathbheochan an bhaile/an tsráidbhaile.
- Sa chás go bhfuil an baile/sráidbhaile a chuirtear isteach le haghaidh maoiniú faoin Scéim seo mar ábhar iarratais ar an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF), beidh ar an Údarás Áitiúil míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht leis an iarratas a chur isteach chuig Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte agus ar an tslí a bhfuil sé nasctha leis an iarratas ar an RRDF.
- Agus na tionscadail uile á measúnú agus á gceadú, tabharfar aird ar chúinsí éagsúla, lena n-áirítear: an maoiniú a bheidh ar fáil; réimse, meascán, cáilíocht agus tionchar na dtionscadal molta; maoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo; agus cúinsí ábhartha eile.

5. Treoirlínte Tionscadal

Is treoirlínte ginearálta iad seo a leanas ar chóir a bhreithniú agus tionscadail á bhforbairt:

- Tá béim faoi leith á gcur i mbliana ar thionscadail a thacóidh le téarnamh eacnamaíochta agus sóisialta ár mbailte agus sráidbhailte mar fhreagairt ar COVID-19.
- Tabharfaidh an Roinn tosaíocht do thograí i ndáil le bailte agus sráidbhailte nach ndearna iarratais roimhe seo nó nár éirigh leo faoin scéim roimhe seo, a mhéid agus is féidir, faoi réir ag cáilíocht fhoriomlán an tionscadail.
- D’ainneoin an mhéid thuas, cuirfear fáilte fós roimh thograí i ndáil le bailte agus sráidbhailte a thug tionscadail chun críche go rathúil faoi scéimeanna roimhe seo, go háirithe sa chás go dtógfaidh iarratais nua ar thionscadail roimhe seo mar chuid de phlean comhtháite don bhaile/sráidbhaile i gceist.
- Áireofar ar thograí rathúla gníomhaíochtaí a mbeidh tionchar dearfach soiléir acu ar an mbaile, ó thaobh comhfhorbairt áite agus athnuachan lár bailte.
- Beidh dearcadh dearfach i leith tograí a fhéachann le tionscnaimh a fhorbairt nó a chur i bhfeidhm chun daoine a spreagadh cónaí i lár bailte.
- Cuirfear fáilte faoi leith roimh thionscadail a léiríonn gné den chineál REDZ¹, d’fhonn gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh idir baile/sráidbhaile agus na bailte fearainn nó cúlchríocha máguaird.
- Léireofar sna tograí rathúla dlúthchomhoibriú idir pobail agus leasanna gnó maidir le dearadh agus soláthar tionscadail bheartaithe agus ní mór go mbeadh tacaíocht acu ón Údarás Áitiúil.
- Faoi réir ag cáilíocht fhoriomlán an togra, breithneofar tionscadail a léiríonn leas a bhaint as/nascadh le scéimeanna eile de chuid Ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí (e.g. i réimsí na hoidhreachta, na n-ealaíon, an chultúir, na turasóireachta, na mBailte Slachtmhara, na n-áiseanna taitneamhachta, athúsáid áitreabh folamh nó láithreán folamh, scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh, etc.) chun an tionchar ón infheistíocht sa bhaile/sráidbhaile a uasmhéadú.

¹Is éard atá i gCriosanna Forbartha Geilleagraí Tuaithe (REDZ), limistéir fheidhme a úsáideann sineirgí agus idirspleáchas idir bailte tuaithe agus a mbaile fearainn d’fhonn gníomhaíocht eacnamaíoch a ghiniúint ina gceantar áitiúil.

- Bíonn an Roinn fabhrach do thionscnaimh a théann chun tairbhe bailte/sráidbhailte a bhíonn in aice a chéile nó do thionscnaimh ar aidhm leo Brat Corcra² nó aitheantas cosúil leis a bhaint amach.
- Ní mór do thograí a bheith ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae, leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP), le scrúduithe sláinte ar bhailte agus le pleananna forbartha áitiúla ábhartha eile.

6. Na cineálacha gníomhaíochtaí is féidir tacú leo

Ní mór do thionscadail arna maoiniú faoi Scéim 2020 tairbhe agus tionchar soiléir don bhaile/sráidbhaile i gceist a thaispeáint. Níor chóir ach tograí ar féidir iad a sholáthar laistigh de chreat ama réadúil a chur isteach.

Beidh an liosta táscach gníomhaíochtaí seo a leanas (nach liosta uileghabhálach é) incháilithe:

- Tionscadail a bheidh in ann freagairt do dhúshlán COVID-19 agus cabhrú leis an téarnamh eacnamaíochta agus sóisialta sa mheántéarma.
- Forbairt ar thionscnaimh chun cónaí i lár bailte a spreagadh.
- Tionscnaimh a mheallfaidh tuilleadh cuairteoirí ar an mbaile/sráidbhaile, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le gníomhaíochtaí turasóireachta.
- Cuspóir nua a thabhairt d'fhoirgnimh atá ann cheana féin i lár bailte nó sráidbhailte chun cianobair agus/nó úsáid eile ag an bpobal a éascú.
- Brandáil agus cur chun cinn an bhaile/an tsráidbhaile chun custaiméirí nua agus/nó infheistíocht ghnó a mhealladh.
- Feabhsúcháin ar shábháilteacht agus ar inrochtaineacht bailte.
- Feabhsúcháin ar pháirceáil do charranna arna saincheapadh chun tuilleadh cuairteoirí ar lár bailte a spreagadh.

²Is próiseas creidiúnaithe atá sa Bhraic Corcra atá cosúil leis an mBrat Gorm le haghaidh trána. An toradh atá air, stádas an Bhrait Chorcra do lár bailte agus lár cathracha a chomhlíonann nó a sháraíonn caighdeáin bharr feabhais ó thaobh an gheilleagair sa tráthnóna agus san oíche a bhainistiú.

- Tionscadail a thacaíonn le feabhsúcháin ar Phointí Nasctha Leathanbhanda agus saoráidí mol fiontair agus cianoibre, chun aghaidh a thabhairt ar na nithe a chuireann le rátaí áitiúcháta ísle.
- Saoráidí caithimh aimsire áitiúla a sholáthar/a fheabhsú (e.g. Páirceanna Baile, conairí siúil atá nasctha leis an mbaile/sráidbhaile).
- Feabhsúchán ar an tsráid-dhreach agus ar thimpeallacht an bhaile.
- Feabhsúchán ar éadan siopaí/tithe (go háirithe má dhéantar é sin ag an am céanna le Scéimeanna Údarás Áitiúil eile a dhíríonn ar fheabhsúcháin den chineál sin).
- Scrúduithe sláinte ar bhailte/sráidbhailte a dhéanamh/a choimisiúnú³.
- Gníomhartha spriocdhíríte chun dul i ngleic le mion-easnaimh sna réimsí a bhaineann le rochtain, seirbhísí, oibreacha forbartha láithreán agus mion-oibreacha bonneagair eile a bheadh de dhíth chun tacú le fheabhsúchán ar lár bailte, lena n-áirítear forbairt tithíochta agus/nó tráchtála, a bheadh mar chuid de phlean foriomlán chun lár an bhaile a fheabhsú.
- Feabhsúchán ar shócmhainní oidhreachta agus/nó ar shócmhainní pobail eile, lena n-áirítear trí bhíthin bhearta éifeachtúlachta fuinnimh.
- Forbairt ar mharcanna cáilíochta amhail Brat Corcra, Baile Oidhreachta, etc.

7. Na cineálacha gníomhaíochtaí nach dtacófar leo

- Sa chás gur eol don Údarás Áitiúil go bhfuil deacrachtaí teacht ar an gcead pleanála cuí nó ar cheadanna/léasanna eile a bhfuil gá leo chun an tionscadal a sholáthar go rathúil.
- Tacaíocht d'fhiontar príobháideach aonair – glacfar le tionscadail a thugann cúnamh comhchoiteann d'fhiontair phríobháideacha laistigh de bhaile/ sráidbhaile.
- Talamh nó réadmhaoin a cheannach.
- Tionscadail neamhchríochnaithe – glacfar le céimeanna de thionscadail ach ní mór don tionscadal a bheith i bhfeidhm i ndiaidh do gach céim a gheobhaidh maoiniú.

³D'fhéadfadh an Creat le haghaidh Lár Bailte a Athbheochan, arna fhorbairt ag an bhFóram Comhairliúcháin Miondíola faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, treoir áisiúil a chur ar fáil chun pleannanna lár bailte a fhorbairt. Féach <https://dbej.gov.ie/en/Publications/A-Framework-for-Town-Centre-Renewal.html>

- Costais oibriúcháin leanúnacha.
- Tionscadail nach léiríonn comhairliúchán leis an bpobal.
- Tionscadail atá níos oiriúnaí chun maoiniú a fháil faoi CLÁR, faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS), faoin Scéim maidir le Bonneagar Caitheamh Aimsire faoin Spéir (ORIS) nó faoin RRDF.

8. Leibhéal Deontas

€10 milliún an buiséad táscach don chuid seo de Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.

Mar bheart aonuaire, agus mar aitheantas ar na dúshláin de bharr phaindéim Covid-19, tá an deontas uasta méadaithe go dtí 90% de chostas iomlán an tionscadail faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.

Ní mór don 10% eile de mhaoiniú meaitseála teacht ón Údarás Áitiúil agus/nó ón bpobal agus/nó ó ranníocaíochtaí daonchairdiúla – is féidir leis sin a bheith comhdhéanta de 5% mar ranníocaíocht in airgead tirim (íosleibhéal) agus 5% mar ranníocaíocht chomhchineáil (uasleibhéal).

€20,000 an deontas íosta atá ar fáil agus €100,000 an deontas uasta, de ghnáth. Breithneofar deontas uasta níos airde, €200,000, i gcás líon beag tionscadal más féidir cás láidir a dhéanamh ina léireofaí tairbhe as cuimse do bhaile. Moltar méid táscach de 20% den mhaoiniú foriomlán a chur ar leataobh le haghaidh mhórhionscadail den chineál sin, faoi réir ag líon leordhóthanach tionscadal den sórt sin a bheith curtha ar aghaidh chuig an Roinn lena mbreithniú.

Beidh costais ghairmiúla agus costais riaracháin Údarás Áitiúil incheadaithe ach is ceart iad a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ní mór na costais sin a leagan amach go soiléir san iarratas agus ní cheadófar iad ach suas go huasmhéid de 10% de chostais fhoriomlána an tionscadail.

9. Sceideal Íocaíochta

Is féidir maoiniú Bailte agus Sráidbhailte 2020 a tharraingt anuas i suas go trí chéim. Ní mór go mbeadh ar a laghad 20% de chostais fhoriomlána an tionscadail a bheith in éileamh ar bith ar íocaíocht.

10. Coinníollacha Maoinithe do Scéimeanna Tuaithe arna Maoiniú faoin Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Beidh an caiteachas go léir arna chlárú trí bhíthin Scéimeanna Tuaithe na Roinne, i.e. Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, CLÁR, Scéim maidir le Bonneagar Caitheamh Aimsire faoin Spéir (ORIS), faoi réir ag téarmaí an Chóid Chaiteachais Phoiblí atá le fáil ag <http://publicspendingcode.per.gov.ie/>.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na riachtanais arna leagan amach thíos maidir leis an maoiniú go léir a cheadófar trí bhíthin na scéimeanna sin. Léireofar an gá leis na riachtanais go léir a chomhlíonadh sa chomhaontú conartha idir An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an deontáí a gceadófar maoiniú faoin scéim ina leith.

1. Beifear ag súil go dtosófar agus go gcríochnófar tionscadail i gcomhréir leis na hamlínte arna leagan amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim.
2. Féadfaidh an Roinn maoiniú a bhí leithdháilte ar thionscadail faoin Scéim a tharraingt siar sa chás nach mbeidh an tionscadal tugtha chun críche laistigh den tréimhse ama a bhí sonraithe, agus sa chás nach ndearnadh comhaontú sainráite leis an Roinn roimhe ré síneadh ama a chur leis an socrú maoinithe.
3. Soláthrófar an maoiniú deontais don tionscadal ceadaithe ó bhuiséad caipitil na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Is ceart costais riaracháin agus/nó costais ghairmiúla a bhaineann leis an tionscadal beartaithe, sa chás go gceadaítear iad san Achoimre ar an Scéim, a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ní mór na costais sin a leagan amach go soiléir san iarratas agus ní cheadófar iad ach suas go huasmhéid de 10% de chostais fhoriomlána an tionscadail.
4. Sa chás go gceadaítear iad san Achoimre ábhartha ar an Scéim, féadfar ranníocaíochtaí comhchineáil, suas go dtí an méid uasta arna leagan amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim, a sholáthar i bhfoirm saothar deonach (i.e. obair nach n-íoctar as) nach mór a bhunú ar an am deimhnithe a caitheadh ar an tionscadal.
 - An ráta is ceart a chur i bhfeidhm, an luach saothair a bheadh ar obair comhionann, suas go ráta uasta de €14 san uair. Ní mór don deontáí a chinntiú go mbeidh údar ceart ag an ráta san uair a chuirfear i bhfeidhm don obair a dhéanfar.

- Sa chás go mbeidh Saothar Deonach mar chuid de thionscadal, cuirtear in iúl don deontáí go mbeidh feidhm le riachtanais na reachtaíochta go léir maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
 - Níl riarachán don tionscadal, e.g. freastal ar chruinnithe, foirm iarratais an deontais a ullmhú, tarraingt anuas maoinithe a éileamh ná costais bhainistíochta incháilithe mar shaothar deonach.
 - Níl saothar arna chur ar fáil ag rannpháirtí ar scéim RSS/TUS/scéim eile arna maoiniú ag an státchiste incháilithe le húsáid mar ranníocaíocht chomhchineáil.
 - Ní mór saothar deonach a thabhairt chun críche sula ndéantar an t-éileamh deiridh ar tharraingt anuas chuig an Roinn. Féadfar é a chur san áireamh in íocaíochtaí céimnithe, ar an gcoinníoll go mbeidh an obair i gceist tugtha chun críche an tráth a gcuirtear an t-éileamh ar aghaidh.
 - Ní mór mionsonraí faoin saothar deonach go léir arna éileamh a choimeád ar bhileog ama (1 bileog ama in aghaidh an duine). Cuirfidh an Roinn an bhileog ama ar fáil. Déanfar taifead ar an mbileog ama ar na mionsonraí seo a leanas;
 - Ainm an duine a dhéanann an obair
 - Cineál, am agus dátaí na n-oibreacha, méid na n-uaireanta a oibríodh agus an ráta san uair,
 - Síniú an duine a rinne an obair chomhchineáil,
 - Ní mór don chomhordaitheoir arna cheapadh don tionscadal an bhileog ama a shíniú.
5. Is riachtanach ranníocaíocht in airgead tirim a dhéanamh, mar a leagtar amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim. Beidh ar an deontáí dearbhú a sholáthar go bhfuil an ranníocaíocht in airgead tirim déanta agus beidh orthu taifead ar fhoinsé na ranníocaíochta in airgead tirim a choimeád.
 6. Ní mór go mbeidh tionscadail tugtha chun críche go hiomlán chun méid iomlán an deontais a tharraingt anuas. Sa chás go mbunófar nach bhfuil tionscadal tugtha chun críche, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an ÚÁ aon mhaoiniú a fuarthas don tionscadal a aisíoc. Ní mór aon athruithe ar an tionscadal beartaithe a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn sula ndéanfar iad.
 7. Sa chás nach gcuirtear gné den tionscadal ceadaithe i gcrích de réir iarratais an tionscadail, is féidir an maoiniú deontais a laghdú mar léiriú ar an tionscadal leasaithe.

8. Sa chás go mbaineann an tionscadal le hoibreacha ar fhoirgnimh nó ar thailte nach leis an deontáí iad, ní mór léas 5 bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm ón dáta a mbeidh an tionscadal tugtha chun críche.
9. I gcás mhaoiniú arna leithdháileadh d'fhiontair nó do shaoráidí (i.e. ionad pobail, moil, feithiclí faoi CLÁR, etc.), is riachtanas é go gcaithfidh siad oibriú mar a maoiníodh iad ar feadh 5 bliana ar a laghad i ndiaidh don chéim dheireanach den mhaoiniú a bheith eisithe, nó seans go mbeidh orthu maoiniú a aisíoc. Sa chás nach n-oibreoidh siad mar a maoiníodh iad, caithfidh siad é sin a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré.
10. Ní mór cloí leis na rialacha agus na rialacháin iomchuí go léir maidir le hairgeadas, Soláthar Poiblí agus cuntasáocht, agus tabharfaidh gach deontáí cuntas iomlán, tráthúil ar an maoiniú a gheofar.
11. Is ceart doiciméadúchán iomlán agus cruinn chun tacú leis an gcaiteachas go léir a choimeád agus a bheith ar fáil d'oifigigh na Roinne chun críocha iniúchta an t-am ar fad agus ar feadh tréimhse sé bliana ón dáta a mbeidh an tionscadal tugtha chun críche.
12. Tabharfaidh deontaithe aitheantas don tacaíocht ó Thionscadal Éireann 2040 / ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe/ ó Rialtas na hÉireann, agus d'aon fhoinsí maoinithe infheidhme eile (mar a shainithnítear iad sa Chomhaontú Maoinithe ábhartha) i ngach fógra poiblí, fógraíocht agus comharthaíocht, de réir mar is cuí, a bhaineann leis an tionscadal. Ina theannta sin, féadfaidh an Roinn féachaint leis an tionscadal a úsáid chun a beartais a chur chun cinn ar bhealach níos leithne.
13. Cuirfidh deontaithe pé tuarascálacha agus faisnéis a bhaineann leis an tionscadal agus a fhéadfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a iarraidh go réasúnta ó am go ham, ar fáil.
14. Is ceart faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail. Beifear ag súil go mbaileoidh deontaithe sonraí iomchuí chun an fhoghlaim sin a éascú ar bhonn leanúnach. Is ceart tuairisc ghearr (1-2 leathanach) ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail arna mhaoiniú a chur i gcrích agus a chur ar fáil don Roinn ar iarratas.

15. Cuirfidh gach deontaí pointe/pointí teagmhála ar fáil don Roinn chun íocaíocht agus iarrataí ar fhaisnéis a éascú. Is ceart aon athruithe ar na daoine teagmhála a chur in iúl don Roinn go tráthúil.
16. Beidh seicliosta lena ndearbhófar gur comhlíonadh na coinníollacha maoinithe a bhaineann leis an gcúnamh deontais de dhíth ar an tionscadal a thabhairt chun críche.

I gcás neamhchomhlíonadh leis na coinníollacha a dtugtar achoimre orthu nó le coinníollacha breise ar bith arna gcomhaontú i rith idirbheartaíocht conartha, d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin go gcaithfí an cúnamh deontais go léir a bronnadh, nó cuid de, a aisíoc.

Tugtar faoi deara: Ní mór Foirm Iarratais chomhlánaithe go hiomlán a chur isteach mar thacaíocht le gach togra maidir le tionscadal. Ní bhreithneofar ach iarratais arna gcur isteach ag an Údarás Áitiúil.

Cuirfear an creat scórála thíos i bhfeidhm maidir le gach iarratas lena chinntiú go mbeidh na tionscadail rathúla ar ardchaighdeán.

An **28 Lúnasa 2020** an spriocdháta chun iarratais a fháil ag townandvillage@drcd.gov.ie.

Creat Scórála le cur ar fáil in am trátha.